# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2021**

**INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT**

(Gnáthleibhéal – 150 marc)

DÉARDAOIN 10 MEITHEAMH MAIDIN 9:30 – 12:00

Freagair **TRÍ** cheist **ar bith**.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.


**Ceist 1.** **(50 marc)**

Freagair **ocht gcinn ar bith** acu seo **go hachomair**:



**(a)** Luaigh **dhá** shampla faoinar gá Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE) a chaitheamh sa seomra Innealtóireachta.

**(b)** Mínigh an téarma innealtóireachta *alt buan*.



***slabhra agus sproicéad***

**(c)** Luaigh feidhm **amháin** atá ag an meicníocht slabhra agus sproicéid a thaispeántar.

**(d)** Ainmnigh **dhá** chineál fuinnimh in-athnuaite.




***uirlis A***

**(e)** Ainmnigh uirlis **A** thall **agus** luaigh úsáid **amháin** don uirlis sin.

**(f)** Luaigh sampla **amháin** de *mhiotal feiriúil* **agus** sampla **amháin** de *mhiotal neamhfheiriúil*.

**(g)** Luaigh cion tairbhe **amháin** a thugann an innealtóireacht don tionscal iompair.



***comhbhall leictreonach***

**(h)** Ainmnigh an comhbhall leictreonach a thaispeántar **agus** mol feidhm oiriúnach **amháin** atá ag an gcomhbhall seo.

**(i)** Déan cur síos ar na príomhghnéithe oibriúcháin atá ag **ceann amháin ar bith** acu seo a leanas:




Comhbhrúiteoir aeir



Stialltéiteoir



Crágán trí ghiall.

**(j)** Déan cur síos ar **cheann amháin ar bith** acu seo a leanas:


Gearradh léasair, Bluetooth, Ladrann.

**(k)** Tabhair sainmhíniú ar an téarma *brisce* maidir le hairíonna ábhar **agus** ainmnigh ábhar **amháin** atá briosc.

**(l)** Mínigh **ceann amháin ar bith** acu seo a leanas:

Poll píolótach, Béalmhír leacaithe, Slisirníneach.

**(m)** Ainmnigh an comhbhall **B** a thaispeántar **agus** luaigh an fheidhm atá aige.




***comhbhall B***


**Ceist 2.** **(50 marc)**

**(a)** Ainmnigh **agus** luaigh an fheidhm atá ag **gach** ceann de na foirnéisí seo a leanas a bhfuil na lipéid **A**, **B** agus **C** orthu:

**A**



**B**




**C**



**(b)** Roghnaigh ceann **amháin** de na foirnéisí a thaispeántar ag **C2(a)** thuas **agus**, le léaráid oiriúnach mar chúnamh agat, freagair **gach** ceann acu seo a leanas:

**(i)** Cuir lipéid ar phríomhpháirteanna na foirnéise;


**(ii)** Liostaigh na hábhair a úsáidtear sa lucht;

**(iii)** Déan cur síos ar conas a théitear an lucht.

**(c)** Iarradh ort rothchathaoir a mhonarú, mar a thaispeántar, a bheadh oiriúnach lena húsáid i gcluiche cispheile.

**(i)** Ainmnigh ábhar oiriúnach do **gach** ceann de na páirteanna atá lipéadaithe ar an rothchathaoir.

**(ii)** Luaigh cúis **amháin** le **gach** ábhar a roghnú.






**(d)** Ainmnigh na miotail a úsáidtear chun **dhá cheann ar bith** de na cóimhiotail atá liostaithe thíos a dhéanamh:



**(i)** Sádar,



**(ii)** Cré-umha,



**(iii)** Prás.

**Ceist 3.** **(50 marc)**

**(a)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na próisis acu seo a leanas:

**(i)** Fuarú, **(ii)** Screamhchruachan, **(iii)** Ainéalú, **(iv)** Saotharchruachan.

**(b)** Déan cur síos ar **conas** a chuirtear **gach** ceann na próisis cóireála teasa seo a leanas i gcrích:

**(i)** Bior lárphritile *a chruachan*.




**(ii)** F*aghairt* a chur ar fhaobhar gearrtha d'fhuarshiséal.




**(c)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh le linn teaschóireála miotail.

**(d)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí seo a leanas:

**(i)** Intuargainteacht, **(ii)** Neart comhbhrúiteach, **(iii)** Somhúnlaitheacht, **(iv)** Neart inteannta.

**NÓ**

**(d)** **(i)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an róbataic sa monaraíocht.

**(ii)** Luaigh **dhá** bhealach inar féidir le húsáid na teicneolaíochta róbataí feabhas a chur ar an tsábháilteacht i dtimpeallacht oibre.



**Ceist 4.** **(50 marc)**

**(a)** **(i)** Ainmnigh an cineál lasrach a tháirgtear le haghaidh **gach** ceann de na cúinsí seo a leanas a bhaineann le gás ocsaicéitiléine:

- Iomarca aicéitiléine
- Iomarca ocsaigine
- Cothromaíocht chothrom idir ocsaigin agus aicéitiléin.



**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** chéim is gá chun alt rathúil bogshádrála a chinntiú.

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas maidir le **stuatháthú miotail de láimh**:

**(i)** Cén fáth gur gá *flosc* ar an leictreoid agus stuatháthú miotail de láimh ar siúl?

**(ii)** Cén fheidhm atá ag an teanntán talmhaithe táthaithe a thaispeántar?



***teanntán talmhaithe táthaithe***

**(iii)** Déan cur síos ar fheidhm **amháin** atá ag slaig.

**(iv)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta nach mór a chomhlíonadh nuair a bhíonn stuatháthú miotail de láimh á dhéanamh.

**(c)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:



***uirlis B***

**(i)** Ainmnigh an uirlis **B** a thaispeántar **agus** luaigh cuspóir na huirlise **B**.

**(ii)** Mínigh an difríocht idir tapa dalláin agus tapa barrchaolaithe.

**(iii)** Ainmnigh modh oiriúnach **amháin** a úsáidtear chun alúmanam leatháin tanaí a nascadh.




**(iv)** Luaigh **dhá** bhuntáiste **ar bith** a bhaineann le spot-táthú a úsáid.


**(d)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is gá a chomhlíonadh nuair a úsáidtear iarann sádrála leictreach.




**Ceist 5.** **(50 marc)**



**A**



**B**



**C**

**(a)** **(i)** Ainmnigh **dhá cheann ar bith** de na próisis déantúsaíochta plaistigh a thaispeántar ag **A**, **B** agus **C**.

**(ii)** Agus léaráid mar chúnamh agat, déan cur síos ar **cheann amháin ar bith** de na próisis déantúsaíochta atá ainmnithe agat ag **C5(a)(i)** thuas.

**(b)** Maidir le teicneolaíocht phlaisteach, freagair **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Ainmnigh an **cineál** plaistigh a éiríonn bog nuair a théitear é.

**(ii)** Mínigh an téarma *cuimhne leaisteach*.

**(iii)** Ainmnigh an **cineál** plaistigh a fhanann crua tar éis dó a bheith téite.

**(c)** Roghnaigh **dhá cheann ar bith** de na hearraí tí a thaispeántar thíos **agus** ainmnigh ábhar plaisteach atá oiriúnach chun **gach** ceann acu a tháirgeadh:



**(i)** Báisín



**(ii)** Scuab fiacla



**(iii)** Buidéal seampú.

**(d)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta nach mór a chomhlíonadh nuair a bhíonn greamachán á úsáid chun aicrileach a nascadh.



**Ceist 6.** **(50 marc)**

**(a)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na páirteanna deile a thaispeántar.



**(i)**



**(ii)**



**(iii)**



**(iv)**

**(b)** Déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** acu seo a leanas maidir le meaisíniú:

**(i)** Sreabháin ghearrtha, **(ii)** Uillinn scóipe, **(iii)** Eochair chrágáin, **(iv)** Doimhneacht ghearrtha.

**(c)** Taispeántar uirlis ghearrtha a úsáidtear ar dheil láir.



**(i)** Ainmnigh an uirlis ghearrtha a thaispeántar.

**(ii)** Déan cur síos ar an bhfeidhm atá ag an uirlis ghearrtha a thaispeántar.

**(iii)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta nach mór a chomhlíonadh nuair a bhíonn an uirlis ghearrtha a thaispeántar á húsáid.

**NÓ**

**(c)** Ainmnigh **trí** ghné sábháilteachta **ar bith** a bhíonn ag deil ríomhrialaithe uimhriúil (CNC).



**Ceist 7.** **(50 marc)**

**(a)** **(i)** Ainmnigh **dhá** chineál oiriúna a d'fhéadfadh a bheith i gceist nuair a bhíonn seafta agus poll á gcóimeáil.

**(ii)** Déan cur síos ar **cheann amháin ar bith** de na hoiriúintí atá ainmnithe ag **C7(a)(i)**.


**(b)** Déantar cóimeáil poill agus seafta a mhonarú de réir na dtoisí a thaispeántar.

Luaigh: **(i)** Trastomhas ainmniúil an phoill:

**(ii)** Uas-trastomhas an tseafta;

**(iii)** Íos-trastomhas an phoill;

**(iv)** An cineál oiriúna a bheidh mar thoradh ar an seafta is mó agus ar an bpoll is lú a chóimeáil.





**(c)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na huirlisí a thaispeántar agus luaigh feidhm **amháin** atá ag **gach** uirlis a ainmníonn tú:



**(i)**



**(ii)**



**(iii)**



**(iv)**

**NÓ**

**(c)** **(i)** Ainmnigh **dhá cheann ar bith** de na comhbhaill leictreonacha a d'fhéadfaí a úsáid i dtiomáint leictreach na mionsamhla den eRacer a thaispeántar thall.

**(ii)** Tarraing an tsiombail leictreonach do **gach** comhbhall leictreonach a d'ainmnigh tú.

